Liosta Leabhar as Gaeilge
Reading List in Irish







Dublin City
Baile Átha Cliath

Mar chuid den chlár imeachtaí le haghaidh Seanchtain na Gaeilge 2008 a reachtáil Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath mhol an scríbhneoir Anna Heussaff liosta léitheoireachta de Leabhair Ghaeilge. Tá meascán maith leabhar ann a thaitníodh le chuile dhuine. Fiscscean agus neamhfhicsean, úrscéalta, gearrscéalta, filíocht, leabhar taistil. Tá leabhar dhátheangacha ar an liosta seo freisin.

Tá na leabhar seo go léir ar fáil i gCatalóg Leabharlainne Chathair Bhaile Átha Cliath. Mar aon leis sin, tá breis eolais le fáil ar ár suíomh:

www.dublincitypubliclibraries.ie

As part of the Dublin City Library and Archive scheduled events for Seachtain na Gaeilge 2008, author Anna Heussaff distributed a Reading List in Irish. There is a good selection of books that would appeal to most people - fiction, non fiction, novels, short stories, poetry and travel. Bilingual books are also on this list.

These books are all available on the Dublin City Library catalogue. More information is available from our website:

www.dublincitypubliclibraries.ie

Tá réimse leabhar sa liosta anseo thíos: úrscéalta, gearrscéalta, filíocht agus leabhair neamhfhicsean; leabhair do léitheoirí ar ardchaighdeán Gaeilge agus leabhair dóibh siúd ar mheánchaighdeán; leabhair fhada agus leabhair ghearra; cúpla leabhar dhátheangach; leabhair le húdair ó gach cearn den tír, agus an Ghaeltacht san áireamh.

Tá duaiseanna bainte amach ag go leor de na leabhair.

ÚRSCÉALTA

Sobalsaol

Pádraig Standún

Úrscéal beoga comhaimseartha. Coimhlintí pearsanta an tsaoil mar a bheadh sobaldráma teilifíse. An deichiú saothar ón údar cáiliúil, sagart is gníomhaí as Maigh Eo. Gaeilge nádúrtha, sholéite. 224 lch.

Cló Iar-Chonnachta



Lámh Láidir

Joe Steve Ó Neachtain

Úrscéal faoi chaidrimh is faoi fhoréigean i saol Chonamara le 60 bliana. An-cháil ar an údar as drámaí, gearrscéalta is tuilleadh. As Conamara é, aithne air ar Ros na Rún TG4. Gaeilge shaibhir - dúshlánach is soléite. 476 lch.

CIC 2005

An Tionscadal

Tomás Mac Síomóin

Fabhalscéal faoi phobal i sléibhte na Catalóine a fuair rún na síoróige. Cáil ar an údar as a chuid filíochta, gearrscéalta is úrscéalta. As Baile Átha Cliath don údar, cónaí air anois sa Chatalóin. Gaeilge liteartha sholéite. 208 lch.

Coiscéim 2007



ÚRSCÉALTA

Dá mbíodh ruball ar an éan?

Mac Grianna, Seosamh

Is é atá ann ná portráid den ealaíontóir i ngleic leis an saol thart air agus, go háirithe lena aigne féin. Tá téamaí éagsúla ann an t-uaigneas, an choimhlint, an fhírinne, an pholaitíocht, an díomas, an dímheas, an aonaracht agus an éiginnteacht. Tá an scéal seo críochnaithe ag Mac Lochlainn san chéad leabhar eile Ruball an Éin.

An Gúm 1992

Ruball an Éin

Antain Mac Lochlainn

D'fhág Seosamh Mac Grianna a úrscéal 'Dá mBíodh Ruball ar an Éan' gan chriochnú i 1935; tá athshamhlú déanta ag Mac Lochlainn ar an scéal, faoi chomhcheilg polaitíochta, anois. An chéad úrscéal ón údar as Co. Dhoire atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. 67 lch.

CIC 2005

Ar Dheisiúr na Gréine

Cliodhna Cussen

Úrscéal grá, lonnaithe in Ard Mhacha le linn thréimhse chorraithe 1745. Cúlra na staire le tragóid is le dóchas pearsanta. An chéad úrscéal ón údar a bhfuil mórchlú uirthi mar dhealbhadóir. Gaeilge shimplí, oiriúnach do léitheoirí bunlíofa. Thart ar 100 lch.

Coiscéim 2006

Cúpla Focal

Anna Heussaff

Úrscéal grá is mistéire, suite le linn rang comhrá Gaeilge do dhaoine fásta, ina bhfuil léargas nua ar shaol ár linne.

An tríú úrscéal ón údar, a tógadh is atá ina cónaí i mBaile Átha Cliath. Gaeilge shimplí, oiriúnach do léitheoirí bunlíofa. 144 lch.

Cois Life 2007

GEARRSCÉALTA



Gearrscéalta an Chéid

Gearóid Denvir (eag) agus Aisling Ní Dhonnchadha

Fiche cinn de na gearrscéalta Gaeilge ab fhearr ón 20ú céad, ón údar ar nós Pádraic Ó Conaire is Seosamh Mac Grianna go Alan Titley, Micheál Ó Conghaile agus Biddy Jenkinson. Gaeilge liteartha, idir shimplí is dhúshlánach. 282 lch.

CIC 2000



Ádh Mór

Colette Nic Aodha

An chéad chnuasach gearrscéalta ón údar a fuair aitheantas cheana mar fhile, i nGaeilge is i mBéarla araon.

Scéalta faoi shonas is donas i gcaidrimh an ghnáthshaoil. Gaeilge shimplí, sholéite. 120 lch.

Coiscéim 2004

FILÍOCHT



Aniar – Voices and Verses from the Edge of the World

Tadhg Mac Dhonnagáin (eag)

Véarsaíocht is dánta ón traidisiún Gaelach, ón gcianaimsir go dtí an lá inniu. Leabhar álainn le grian-ghrafanna ealaíonta agus CD ceoil. As Maigh Eo don eagarthóir, cónaí air i gConamara, cáil air mar cheoltóir is mar scríbhneoir. 100 lch.

Futa Fata 2007

Súil Saoir

Diarmuid Johnson

Filíocht atá bunaithe ar smaointe na linne seo agus ar éigse na sean-aimsire araon. Scoláire, ceoltóir agus file é an t-údar, a rugadh sa Bhreatain Bheag, a chaith blianta i gConamara agus atá lonnaithe sa Pholainn inniu. 117 lch.

CIC 2004

Fiacha Fola

Celia de Fréine

Sraith dánta faoi scannal an Heipitítis C – leanúnachas scéalaíochta idir na dánta faoi ghrá is saol teaghlaigh, faoi thinneas is faoi éagóir. Cáil ar an údar mar dhrámadóir is mar fhile, i nGaeilge is i mBéarla araon. 88 lch.

CIC 2004

NEAMHFHICSEAN







An Bóthar go Santiago

Mícheál de Barra

Dialann phearsanta agus treoirleabhar taistil, a thugann cur síos ealaíonta is anamúil ar an tsiúlóid oilithreachta 900 ciliméadar go Santiago de Compostela. Grianghrafanna is cairteanna mar aon leis an téacs. An chéad leabhar ón údar, arb as Co. an Chláir é agus cónaí air i gCo. Chill Dara. 300 lch.

Cois Life 2007

Ar an bPeann

Liam Ó Muirthile

Cnuasach altanna a foilsíodh ar dtús i gcolún an scríbhneora iomráitigh san Irish Times 1997-2003. Greann is géarchúis, léann is grinntuiscint ar mhioncheisteanna is ar mhór-dhúshláin an tsaoil. File is drámadóir clúiteach é an t-údar, a tógadh i gCorcaigh is atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. 228 lch.

Cois Life 2006

Bibeanna – Memories from a corner of Ireland

Brenda Ní Shúilleabháin (eag)

Leabhar dhátheangach a ghaibh le sraith teilifíse TG4. Cúigear ban is fiche ó Chorca Dhuibhne in iarthar Chiarraí ag cur síos ar a saol, ón tseanaimsir chrua go rachmas an lae inniu. Bua na cainte, géarchúis agus grá don ghreann is don áthas. As Corca Dhuibhne don eagarthóir, léiritheoir teilifíse agus iarphríomhoide i mBaile Átha Cliath. 349 lch.

Mercier Press 2007

Dúirt Bean Liom

Máire Ní Néill (eag)

Dáréag ban faoi agallamh: polaiteoirí, scríbhneoirí, ealaíontóirí, ceoltóirí, ina measc, triúr údar ar an liosta seo, Celia de Fréine, Cliodhna Cussen agus Anna Heussaff. Taithí saoil, dúshláin baile is oibre, ábhar machnaimh is misnigh. As Baile Átha Cliath don eagarthóir agus tá sí lonnaithe sa chathair inniu. 160 lch.

Coiscéim 2007

BRANCH LIBRARIES / LEABHARLANNA BRAINSE

- Ballyfermot Library / Leabharlann Bhaile Formaid
  T. 626 9324/5 E. Ballyfermotlibrary@dublincity.ie
- Ballymun Library / Leabharlann Bhaile Munna
  T. 842 1890 E. ballymunlibrary@dublincity.ie
- Cabra Library / Leabharlann na Cabraí
  T. 869 1414 E. cabralibrary@dublincity.ie
- Central Library / An Lárleabharlann
  T. 873 4333 E. centrallibrary@dublincity.ie
- Charleville Mall Library / Leabharlann Mheal Charleville
  T. 874 9619 E. charlevillemalllibrary@dublincity.ie
- Coolock Library / Leabharlann na Cúlóige
  T. 847 7781 E. coolocklibrary@dublincity.ie
- Dolphin's Barn Library Leabharlann an Charnáin
  T. 454 0681 E. dolphinsbarnlibrary@dublincity.
- Donaghmede Library / Leabharlann Dhomhnach Míde
  T. 848 2833 E. donaghmedelibrary@dublincity.ie
- Drumcondra Library / Leabharlann Dhroim Conrach
  T. 837 7206 E. drumcondralibrary@dublincity.ie
- Dublin and Irish Collection /
  Eolas Áitiúil ar Bhaile Átha Cliath agus ar Éirinn
  T. 674 4999 E. dublinstudies@dublincity.ie
- Finglas Library / Leabharlann Fhionnghlaise
  T. 834 4906 E. finglaslibrary@dublincity.ie
- Inchicore Library / Leabharlann Inse Chór
  T. 453 3793 E. inchicorelibrary@dublincity.ie
- Kevin Street Library / Leabharlann Shráid Chaoimhín
  T. 475 3794 E. kevinstreetlibrary@dublincity.ie
- Marino Library / Leabharlann Marino
  T. 833 6297 E. marinolibrary@dublincity.
- Pembroke Library / Leabharlann Pheambróg
  T. 668 9575 E. pembrokelibrary@dublincity.ie
- Pearse Street Library /
  Leabharlann Shráid an Phiarsaigh
  T. 674 4888 E. pearsestreetlibrary@dublincity.ie
- Phibsboro Library / Leabharlann Bhaile Phib
  T. 830 4341 E. phibsborolibrary@dublincity.ie
- Raheny Library / Leabharlann Ráth Eanaigh
  T. 831 5521 E. rahenylibrary@dublincity.ie
- Rathmines Library / Leabharlann Ráth Maonais
  T. 497 3539 E. rathmineslibrary@dublincity.ie
- Ringsend Library / Leabharlann na Rinne
  T. 668 0063 E. ringsendlibrary@dublincity.ie
- Terenure Library / Leabharlann Thír an Iúir
  T. 490 7035 E. terenurelibrary@dublincity.ie
- Walkinstown Library / Leabharlann Bhaile Bhailcín
  T. 455 8159 E. walkinstownlibrary@dublincity.ie